RISING TO THE FUTURE

UCD Strategy 2020-2024

# STRAITÉIS RANNPHÁIRTÍOCHTA NA hAFRAICE COBÁC

## 2023-2028



# Réamhrá

Is é tiomantas COBÁC agus é mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, ná a fís 'Gach a bhfuil thar barr ar domhan a thabhairt go hÉirinn agus gach is fearr maidir le hÉirinn, lena n-áirítear, a cuid cultúr sonracha, a thabhairt ar fud an domhan mhóir', a thabhairt chun críche.

Réigiún tosaíochta atá san Afraic do ghníomhaíochtaí rannpháitíochtaí domhanda COBÁC, agus tá lúcháir orm straitéis COBÁC i leith na hAfraice a chur in bhur láthair. Is í an uaillmhian atá againn ná comhpháirtíochtaí fiúntacha, cothroma a chur chun cinn le scoláirí Afracacha, a éascóidh an fhorbairt ar réitigh chomhroinnte, le dul i ngleic leis na dúshláin mhóra dhomhanda atá amach romhainn.


Cuirfidh an straitéis seo an treochlár ar fáil a chinntíonn go bhfuil na ceangail láidre idir COBÁC agus acadóirí Afracacha á láidriú agus á bhforbairt araon. Spreagfaidh sí an fhoireann aghaidh a thabhairt ar spriocanna comhroinnte, soláthróidh sí na tacaíochtaí cuí ar mhaithe le torthaí rathúla a chomhchruthú agus cinnteoidh sí go mbeidh luachanna COBÁC i gcroílár ár gcuid rannpháirtíochta san Afraic.

Mar ollscoil, bímid ag dréim le tacaíocht a chur ar fáil dá mic léinn, le go mbeadh siad ina gceannairí, agus an t-údarás acu lorg dearfach buan a fhágáil. Féachfaimid le láithreacht mac léinn Afracach a mhéadú ar ár gcampas i mBaile Átha Cliath agus na deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn COBÁC taisteal chun na hAfraice, le go mbeidh na scileanna traschultúrtha atá riachtanach don cheannaireacht dhomhanda á bhforbairt.

Tá neart cairde céimiúla ag alumnas COBÁC ar fud mhór-roinn na hAfraice agus soláthróidh siad bealach uathúil dúinn chun cur ar ár gcumas ceangail a dhéanamh le náisiúin na hAfraice. Rachaimid i mbun rannpháirtíochta lenár n-alumnais agus bainfimid leas as a dtacaíocht chun clú agus cáil COBÁC san Afraic a neartú.

Tá mian le COBÁC, na ceangail leis an Afraic a láidriú, ar aon fhocal le gealltanas Rialtas na hÉireann in 'Éire Dhomhanda: Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025'. Beidh sé mar bhunphrionsabal dár straitéis, a bheith rannpháirteach le heintitis rialtais agus le fiontair in Éirinn agus san Afraic.

Táim buíoch de mo chuid comhghleacaithe ar fad in COBÁC agus de na páirtithe leasmhara a thug faoin bpróiseas comhairliúcháin a mhúnlaigh an straitéis seo, lena lán díograis. Táim ag dúil le bheith ag obair in bhur dteannta chun an uaillmhian maidir le rannpháirtíochta COBÁC leis an Afraic a bhaint amach.



**An tOllamh Dolores Uí Riordáin,**
Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda

# Brollach

Ba chóir go bhfáilteofaí go mór roimh an gcinneadh atá déanta ag COBÁC a cuid Straitéis Rannpháirtíochta i leith na hAfraice a fhorbairt. Aithnítear caidreamh fada na hÉireann leis an Afraic sa Straitéis, trí obair a cuid misinéirí, oideachasóirí, oibrithe sláinte agus forbartha, a cuid freagróirí daonnúla, agus a coimeádaithe síochána. Tá oidhreacht dhearfach agus an dea-thoil a ghabhann léi fágtha ag an obair sin, don chuid is mó, i leith na hÉireann agus a muintire.

Aithnítear tionchar méadaitheach na hAfraice ar fud an domhain sa Straitéis, agus tugtar tacaíocht d'iarrachtaí Rialtas na hÉireann agus an AE sa réigiún. Is í an Afraic an réigiún domhanda a bhfuil an fás daonra is tapúla ann: thar thréimhse 2020 go 2050, réamh-mheastar go ndúblóidh a daonra agus go sroichfidh sé 2.5 billiún. Tá riachtanais ollmhóra oideachais agus forbartha ag an daonra sin atá ag dul i méid.

Le blianta beaga anuas, tá Éire tar éis tabhairt faoi mhachnamh ar a cuid aistrithe féin le 100 bliain anuas. Ar na garspriocanna atá bainte amach feadh a haistear forbartha, tá bunú Saorstát Éireann in 1922; dearbhú Phoblacht na hÉireann in 1949, agus gabháil na hÉireann leis an CEE in 1973. Tá roinnt príomhfhachtóirí atá mar bhonn faoin dul chun cinn atá déanta ag Éirinn i rith na tréimhse sin: córas polaitiúil agus daonlathach atá seasmhach; réiteach ar choimhlint 30 bliain ar an oileán, trí Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste in 1998; agus beartas comhsheasmhach fadtéarmach a chur i bhfeidhm maidir le forbairt oideachais agus acmhainní daonna, infheistíocht eachtrach, agus beartais chánachais.

Baineann na príomhcheachtanna atá foghlamtha ag Éirinn maidir lena cuid forbartha le todhchaí na hAfraice. Agus mé i mbun pinn ar an 2 Bealtaine 2023, tá coimhlint sa tSúdáin atá ina bagairt ar thodhchaí na tíre sin agus ar an réigiúin níos leithne. Má tá acmhainneacht forbartha na hAfraice le baint amach, is réamhchoinníollacha riachtanacha iad coimhlintí a laghdú agus coinníollacha ar mhaithe le cobhsaíocht pholaitiúil a chruthú.

Ba chóir go mbreathnófaí ar Straitéis Rannpháirtíochta na hAfraice COBÁC mar chuid de thiomantas a mhairfidh ar feadh na déaga de bhlianta fada chun comhpháirtíocht a chruthú le hinstitiúidí Afracacha barrthábhachtacha atá tiomanta do smaointeoireacht fhadtéarmach den chineál céanna iad féin. I bhfianaise mo thaithí féin le 40 bliain anuas agus mé ag obair le hAfracaigh go dlúth, níl dabht ar bith orm faoin acmhainneacht atá acu a sochaithe agus a ngeilleagair a athrú ó bhonn sna blianta atá amach romhainn. Chun é sin a bhaint amach áfach, teastóidh na comhpháirtíochtaí uathu gur féidir le COBÁC agus le hinstitiúidí físiúla agus nuálaíocha eile a chur ar fáil. Ar aghaidh linn ar an turas.

**Tom Arnold**
Príomhfheidhmeannach,
Concern Worldwide, 2001-2013



An Teileascóp Watcher faoi Bhealach na Bó Finne. Thóg agus d'fheidhmigh taighdeoirí COBÁC Antonio Martin-Marrillo agus an tOllamh Lorraine Hanlon, ó Scoil na Fisice COBÁC araon, teileascóp róbatach Watcher i Réadlann Boyden san Afraic Theas in 2006 ar aghaidh, i gcomhar le University of the Free State (UFS) in Bloemfontein.

## Ar aon dul lena plean straitéiseach, Réidh don Todhchaí, geallann COBÁC a comhpháirteachas ar mhór-roinn na hAfraice a láidriú.

Mar bhonn faoin gcomhpháirteachais sin, tá réimse leathan comhpháirtíochtaí fiúntacha agus comhthairbhiúla trína gcuirtear croí-mhisean na hOllscoile chun cinn maidir le heolas agus an fhírinne a chuir chun cinn agus foghlaim a chothú. Aithnítear le gealltanas COBÁC tionchar méadaitheach na hAfraice ar fud an domhain agus tugtar tacaíocht d'iarrachtaí Rialtas na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh sa réigiún. Comhlánaítear an saineolas atá ag COBÁC faoi láthair agus na mianta atá sa phlean straitéiseach againn leis an raidhse scileanna agus tallann ar an mór-roinn chun sochaí dhomhanda inbhuanaithe a chruthú, domhan sláintiúil a thógáil, agus an cine daonna a chumasú. D'fhonn an gealltanas sin a chomhlíonadh, ní mór do COBÁC tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana féin, acmhainní leordhóthanacha a chuir ar fáil, agus éiteas na comhpháirtíochta comhionainne a chothú.

Déanann an straitéis seo doiciméadú ar naisc reatha na hOllscoile ar fud na hAfraice agus cuireann sí bealaí in iúl chun comhpháirteachas a láidriú. Aithnítear cúig phríomhréimse comhpháirteachais: (1) Comhpháirtíochtaí & Comhpháirteachas Acadúil; (2) Earcaíocht Mac Léinn; (3) Comhpháirteachas Mac Léinn; (4) Comhpháirteachas Alumnas; agus (5) Comhpháirteachas Rialtais & Tionscail. Cuireann an straitéis moltaí ar fáil freisin a bhaineann leis an timpeallacht chumasúcháin agus le cur i bhfeidhm straitéise le ar mhaithe le comhoibriú méadaithe san Afraic.

Forbraíodh an t-athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí agus ar mholtaí atá san áireamh anseo trí chomhairliúchán fairsing leis an bhfoireann acadúil agus ghairmiúil, mic léinn reatha, alumnais, comhpháirtithe rialtais agus tionscail, chomh maith le páirtithe leasmhara eile sa réigiún. In ainneoin na n-iarrachtaí is fearr, is dócha nach dtugtar léargas iomlán ar mhéid iomlán an chomhpháirteachais reatha nó fhéideartha.

### Comhthéacs & Spreagadh

Tá COBÁC i measc na nInstitiúidí Ardoideachais Éireannacha is gníomhaí san Afraic ó thaobh líon na mac léinn, tionscnaimh oideachais agus comhoibrithe taighde de. Idir 2017 agus 2022, chuimsigh 1,681 foilseachán acadúil comhúdair ó COBÁC agus ó institiúid Afracach. Idir 2000 agus 2022, bronnadh 35 deontas seachtrach le haghaidh comhoibrithe idir COBÁC agus comhpháirtí san Afraic. Tá 454 mac léinn Afracach ag staidéar in COBÁC faoi láthair, arb ionann iad agus 1.2% den daonra iomlán mac léinn. Mar sin féin, ní léirítear sa líon sin iad siúd a bhfuil dénáisiúntacht acu nó dlúthnaisc eile acu san Afraic. Ina theannta sin, ní léiríonn an comhpháirteachas reatha go sásúil, tábhacht na hAfraice sa domhan ná an acmhainneacht a chuireann sí ar fáil do COBÁC. Samhlaítear sa togra seo todhchaí ina n-oibríonn COBÁC, in éineacht le hinstitiúidí Eorpacha eile, go dlúth le comhpháirtithe ar fud na hAfraice chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Mhúnlaigh misinéirí, oideachasóirí, oibrithe sláinte agus forbartha, freagróirí daonnúla, agus coimeádaithe síochána caidreamh na hÉireann leis an Afraic thar na céadta bliain. Ba cheart go n-aithneodh iarrachtaí COBÁC an stair sin chomh maith le ról ár dtíre in oidhreacht choilíneach na hAfraice. Ag an am céanna, ní mór don chomhpháirteachas a bheith bunaithe ar chomhionannas idir comhpháirtithe agus gealltanais chómhalartacha a thagann le cur chuige comhaimseartha na hÉireann i leith an réigiúin. Áirítear leis sin, 13 ambasáid Éireannacha, comhobair pholaitiúil dhéthaobhach agus iltaobhach, agus naisc tráchtála atá ag dul i méid i gcónaí arbh ionann iad agus leibhéil trádála de €2.41 billiún in earraí agus €4.07 billiún i seirbhísí in 2021.

SPOTSOLAS

## Comhaltacht Déanta go Bródúil san Afraic

Bunaíodh Comhaltacht COBÁC Déanta go Bródúil san Afraic in 2013 agus Coláiste Gnó COBÁC mar an príomh-chomhpháirtí acadúil le maoiniú ó Chúnamh Éireann, Trócaire, agus Concern Worldwide. Múineann faighteoirí na comhaltachta modúil COBÁC ag an leibhéal fochéime agus iarchéime, agus iad ag obair freisin chun fócas ar ghnó inbhuanaithe san Afraic agus leis an Afraic a neadú in oideachas gnó agus i dtaighde ar fud na hÉireann.

Go dtí seo, tá ábhar ar ghnó Afraic-chuimsitheach comhtháite ag an gcomhaltacht i 25 modúl, ag obair le líonra de 60 léachtóir i 15 scoil ghnó agus ag sroicheadh 15,000 mac léinn gnó ar fud na hÉireann. I measc na n-ábhar a chlúdaítear tá an Afraic mar mhargadh atá ag teacht chun cinn, onnmhairiú agus saincheadú san Afraic, teicneolaíocht faisnéise agus an Afraic, margaíocht san Afraic, bainistíocht shlabhra an tsoláthair, bainistíocht acmhainní daonna san Afraic, nuálaíocht agus gnó san Afraic, agus fiontraíocht shóisialta.

Tá tionchar buan Chomhaltacht PMIA le feiceáil sa Chomhdháil Ghnó Afracach bhliantúil a óstálann Scoil Ghnó Uí Chuinn COBÁC chomh maith le ceapadh an Dr. Penelope Muzanenhamo mar ollamh cúnta tar éis di an chomhaltacht a chríochnú. I measc ábhar spéise taighde an Dr. Muzanenhamo, tá Brand Africa, Forbairt Inbhuanaithe, Afraichaipitleachas agus Margaí Tomhaltóirí na hAfraice, agus leanann a teagasc de bheith ag comhtháthú Afraic i nGnó ina curaclaim.

**www.proudlymadeinafrica.org**



Comhdháil Ghnó Afracach COBÁC-PMIA 2020, ag a raibh an téama 'Afraichaipitleachas á Phlé' Sa phictiúr anseo tá: Dr. Penelope Muzanenhamo, Ollamh Cúnta Ghnó san Afraic, Scoil Ghnó COBÁC; An tOllamh Kenneth Amaeshi, Ollscoil Dhún Éideann - Comhúdar Africapitalism: Sustainable Business and Development In Africa; An tOllamh Maeve Houlihan, Déan Comhlach agus Stiúrthóir Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn COBÁC, Neltah Chedamoyo Uasal, aireagóir Afracach agus comhbhunaitheoir GoCHA; Brett Beach Uasal, POF Made in Africa Chocolate (MIA Chocolate); Richard Rugaya Uasal, POF Gorilla Highlands Coffee, Uganda; Killian Stokes Uasal, POF Moyee Coffee, an Afraic-Éire; An Dr. David Nyaluke, Comhalta COBÁC Déanta go Bródúil san Afraic sa Ghnó agus san Fhorbairt; agus Vikki Brennan Uasal, POF Déanta go Bródúil san Afraic.



Ísealchríoch Shamburu na Céinia. Through "Samburu Stories: Communicating Architecture in the Climate Emergency" the UCD School of Architecture tells through a range of media, the story of collaboration between UCD and the Samburu tribe in northern Kenya. Ceapadh agus eagraíodh an comhoibriú mar stiúideo gníomhach foghlama trialach a bhí ar siúl i samhradh na bliana 2019 in ísealchríoch Shamburu, limistéar caomhantais 400km ó thuaidh ó Nairobi.

In Éire Dhomhanda: Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025, geallann Rialtas na hÉireann caidrimh pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha leis an Afraic a neartú, rud a chuirfidh le síocháin, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe. Ar an gcuma céanna, tá Clár Oibre um Nuálaíocht AA-AE comhroinnte tionscanta ag an Aontas Afracach agus ag an Aontas Eorpach chun comhoibriú a fheabhsú i réimsí na sláinte poiblí, an aistrithe ghlais, na nuálaíochta & na teicneolaíochta, agus na n-inniúlachtaí eolaíochta. Tá COBÁC in áit gur féidir léi cur leis an dá iarracht sin i bhfianaise a cuid láidreachtaí agus a saineolais acadúil. Bainfidh sí tairbhe freisin as a bheith bainteach ar bhonn méadaithe le comhpháirtithe san Afraic atá ann cheana, lena n-áirítear ollscoileanna agus líonraí mór le rá. Ina measc sin, tá Universitas 21 agus Comhlachas Idirnáisiúnta na nOllscoileanna (IAU), a bhfuil baill acu araon san Afraic. Tá comhpháirtíocht líonra-go-líonra bunaithe ag U21 le déanaí freisin le Comhghuaillíocht Ollscoileanna Taighde na hAfraice agus tá Comhghuaillíocht Una Europa ag cur lena comhpháirteachas le comhpháirtithe san Afraic ar an mbealach céanna.

## Scóip Gheografach

Tá breis is billiún duine ina gcónaí sna 54 tír san Afraic agus tá éagsúlacht leathan cultúir, neart eacnamaíoch, rialachais agus cumas struchtúracha inti. I bhfianaise an scála agus na castachta, díreoidh iarrachtaí COBÁC ar thrí réigiún straitéiseach: Corn na hAfraice, an Afraic Thiar Anglafónach, agus Deisceart na hAfraice. Aithníodh na réigiúin sin ar bhonn na leibhéal comhpháirteachais reatha chomh maith leis an acmhainneacht do ghníomhaíocht mhéadaithe timpeall ar théamaí straitéiseacha COBÁC. Níl sé mar aidhm acu teacht roimh na hiarrachtaí dul i mbun rannpháirtíochta in áiteanna eile ar an mór-roinn agus leanfaimid den rannpháirtíocht i dtíortha ina bhfuil caidrimh láidre cheana féin.



Sa phictiúr ag seimineár mac léinn i seomra boird Scoil na Staire COBÁC, faoi shúil ghéar Eoin Mac Néill, Céad-Ollamh COBÁC le Luathstair (lena n-áirítear Stair Meánaoise) na hÉireann, tá Salman Khurshid, Páirtí Comhdhála Náisiúnta na hIndia, Aire Gnóthaí Seachtracha na hIndia 2012-14, agus an tAire Dlí agus Cirt 2011-12; Thabo Mbeki, Comhdháil Náisiúnta na hAfraice, Uachtarán na hAfraice Theas 1999-2008 agus Leas-Uachtarán 1994-1999; agus Benjamin Mkapa, Revolutionary State Party, Uachtarán na Tansáine 1995-2005, Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Ardoideachais 1992-95.

SPOTSOLAS

## Athléimneacht a Thógáil tríd an Oideachas (BRTE)

In 2018, cuireadh tús leis an gclár Athléimneacht a Thógáil tríd an Oideachas (BRTE) chun tacú le pobail athléimneacha a fhorbairt i gcrios Uailéitise na hAetóipe. Is iomaí turraingí aeráide a tharla sa réigiún le fiche nó tríocha bliain anuas, a rinne iarrachtaí forbartha níos casta. D'fhás an clár as caidreamh fadbhunaithe idir Ionad um Ghníomhaíocht Dhaonnúil COBÁC agus Ollscoil Wolaita Sodo, agus taighde a d'aimsigh leochaileachtaí leanúnacha i leith struis aeráide. Féachann an clár le bonneagar ríthábhachtach a thógáil a chumasaíonn comhpháirtíochtaí oideachais agus taighde i réimse leathan disciplíní acadúla, lena n-áirítear talmhaíocht, oideachas, innealtóireacht agus cúram sláinte. Mhaoinigh Fís 2020 BRTE ar dtús agus chuimsigh sé comhpháirtíochtaí breise le Concern Worldwide, an Network on Humanitarian Action, agus Future Analytics Teo.

**www.ucd.ie/cha/research/brtebuildingresiliencethrougheducation**




Tagann rannpháirtithe sa tionscadal Athléimneacht a Thógáil tríd an Oideachas le chéile ag Ollscoil Wolaita Sodo san Aetóip.

SPOTSOLAS

## PhD san Fhorbairt Dhaonna Dhomhanda

Arna chomhordú ag Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta, (COBÁC SPIRe), is PhD lánaimseartha é an PhD san Fhorbairt Dhaonna Dhomhanda a chuireann COBÁC agus roinnt ollscoileanna roghnaithe comhpháirtíochta ar fáil i bpáirt le chéile, lena n-áirítear Ollscoil Dhárasalám sa Tansáin, Ollscoil na Maláive, Ollscoil na Siombáibe, agus eile. Tá an clár sainoiriúnaithe do riachtanais pearsanra rialtais agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag iarraidh cur lena dtuiscint ar agus lena gcumas tabhairt faoi, ardtaighde. Baineann comh-mhaoirseacht leis an gclár a bhíonn idir láimhe ag acadóir de chuid COBÁC in éineacht le foireann dáimhe ón ollscoil chomhpháirtíochta, agus an t-iarrthóir PhD ag déanamh malairte ar an dá láthair ó thaobh ama de. Cé gurb é SPIRe a chomhordaíonn an clár, rinne an fhoireann acadúil ó Ailtireacht, Pleanáil & Beartas Comhshaoil maoirsiú ar iar-mhic léinn agus ar mhic léinn reatha; Eacnamaíocht; Eolaíocht Bhithmhóilíneach & Bhithleighis; Teangacha, Cultúir & Teangeolaíocht; Oideachas; Talmhaíocht & Eolaíocht Bhia; Gnó; Socheolaíocht; Leigheas; agus an tAcadamh Nuálaíochta.

Tá an PhD san Fhorbairt Dhaonna Dhomhanda mar chuid den Tionscnamh Forbartha Daonna (HDI). Tá sé mar aidhm ag HDI oideachas forbartha a chur chun cinn agus a chothú, taighde ardchaighdeáin a tháirgeadh i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna sa domhan theas agus feasacht ar cheisteanna comhaimseartha a ardú trí chláir for-rochtana éagsúla. Tá sé comhdhéanta de ghrúpa idirdhisciplíneach acadóirí, taighdeoirí, agus mac léinn a ndíríonn a gcuid oibre ar shaincheisteanna forbartha comhaimseartha.

# Príomhréimsí na Rannpháirtíochta

Cuireann an straitéis seo cás in iúl chun rannpháirtíocht COBÁC leis an Afraic a láidriú mar chuid de Straitéis Rannpháirtíocht Dhomhanda na hOllscoile 2021-2024 agus aithnítear deiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí fiúntacha agus sineirgisteacha le hinstitiúidí Afracacha a éascóidh rannpháirtíocht acadúil mhéadaithe idir COBÁC agus acadóirí Afracacha.

**Aithníodh cúig phríomhréimse comhpháirteachais:**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| Comhpháirtíochtaí & Comhpháirt-eachas Acadúil | Earcaíocht Mac Léinn | Comhpháirteachas Mac Léinn | Comhpháirteachas Alumnas | Comhpháirteachas Rialtais & Tionscail |




Mac léinn ón 4ú bliain de chuid Area52/Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil COBÁC ag déanamh a dtionscadail in Galana Wildlife Conservancy sa Chéinia. Tá measúnú á dhéanamh acu ar bhithéagsúlacht Abhainn Galana. Tháinig mic léinn ó Ollscoil Pwani i gcomhar le mic léinn COBÁC agus tá siad sa chúlra.

# 1

## Comhpháirtíochtaí Domhanda agus Rannpháirtíocht Acadúil

Feabhsóidh gníomhaíochtaí a ardaíonn próifíl na hAfraice laistigh de COBÁC, agus próifíl COBÁC ar fud na hAfraice, feasacht agus spreagfaidh siad forbairt ar chomhpháirtíochtaí breise. Féadfar síolchistiú inmheánach a úsáid chun gníomhaíocht a thionscnamh nuair is gá, ach ba cheart cistí seachtracha atá ar fáil faoi láthair a ghiaráil freisin, lena n-áirítear iad sin atá ar fáil trí líonraí agus trí chomhghuaillíochtaí. Cé go bhfuil meabhráin tuisceana i bhfeidhm cheana féin le hollscoileanna ar fud na mór-roinne, tá go leor acu fós díomhaoin. Teastóidh comhoibriú gníomhach thar réimsí éagsúla chun an móiminteam a thógáil agus a choinneáil. Chuige sin, ba cheart go mbeadh leasanna agus tosaíochtaí taighde na foirne acadúla agus a gcuid coláistí mar bhunchloch iarrachtaí COBÁC ar chomhpháirtíocht agus ar rannpháirtíocht acadúil.

Soláthraítear bonn láidir do chomhoibriú amach anseo trí thionscnaimh reatha COBÁC san Afraic. Áirítear leo sin rannpháirteach le hinstitiúidí Afracacha trínár líonraí (m.sh. U21, IAU, agus roinnt líonraí ar leibhéal an choláiste nó na scoile lena n-áirítear ollscoileanna san Afraic); trí thaighde aonair faoi stiúir acadúil agus trí chomhoibrithe eile; trí ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag aonaid COBÁC, lena n-áirítear Ionad um Staidéar Forbartha Inbhuanaithe COBÁC, Tionscnamh Forbartha Daonna (HDI) COBÁC, Ionad um Ghníomhaíocht Dhaonnúil (CHA) COBÁC, agus Ionad um Ghnó agus um Shochaí (CeBaS) na hAfraice COBÁC; agus trí chomhoibriú le rialtas na hÉireann, lena n-áirítear clár comhaltachtaí Chúnamh Éireann agus rannchuidiú an rialtais don Chlár Oibre um Nuálaíocht AA-AE. Is iad na príomhréimsí disciplíneacha comhthaighde ná an fhisic agus an réalteolaíocht, an leigheas, an innealtóireacht, an domhaneolaíocht agus an eolaíocht phláinéadach, agus eolaíochtaí talmhaíochta agus bitheacha. Is í an Afraic Theas an príomhshuíomh do thaighde comhpháirteach de réir líon na bhfoilseachán comhúdaraithe, agus tá áiteanna tábhachtacha ag an Éigipt, an Nigéir agus an Aetóip sa rangú freisin. Seasann an Afraic Theas agus an Aetóip amach ó thaobh tionscadail taighde a fhaigheann cistiú seachtrach.




Iar-aire Eolaíochta & Teicneolaíochta na hAfraice Theas, Naledi Pandor ag rialú theileascóp róbatach Watcher go cianda ó sheomra oibriúcháin COBÁC le linn a cuairte in 2017. Ina teannta, an tOllamh Lorraine Hanlon agus an tOllamh Cúnta Atonio Martin-Carrillo príomhthaighdeoirí an teileascóip.

## D'fhonn an rannpháirteachas a mhéadú, déanfaidh COBÁC na rudaí seo a leanas:

- **Páirt ghníomhach a ghlacadh i líonraí agus i gcomhghuaillíochtaí atá ann cheana a chuimsíonn institiúidí Afracacha nó a bhíonn rannpháirteach le hinstitiúidí Afracacha.** Áirítear leo sin U21, IAU, Una Europa, líonraí éagsúla ar leibhéal an choláiste, agus comhpháirtíocht nua faoi stiúir U21 le Comhghuaillíocht Ollscoileanna Taighde na hAfraice (ARUA). Féadfaidh Fís Eorpach, Erasmus+, agus foinsí cistithe seachtracha eile tacú le comhoibrithe a fhorbraíonn ó na líonraí sin.
- **Líonra inmheánach COBÁC don Afraic** a chruthú chun naisc agus sineirgí tras-COBÁC a éascú idir an fhoireann acadúil agus ghairmiúil a bhfuil spéis acu sa réigiún. Is iad baill acadúla an líonra a chuirfidh a thosaíochtaí chun cinn, ach samhlaítear é mar áit chun comhráite a thionól ar thaighde ábhartha, imeachtaí a óstáil, agus (nuair is cuí) stádas oifigiúil a bhaint amach mar ionad atá aitheanta ag an ollscoil. Tacóidh Oifig Rannpháirtíocht Dhomhanda COBÁC leis na gníomhaíochtaí sin ar dtús agus óstach fadtéarmach cuí á lorg.
- Cistiú a lorg chun tacú le **comhaltacht thiomnaithe bhuan chun scoláirí ón Afraic atá ag teacht chun cinn a óstáil.** D'fhéadfaí an comhaltacht seo a mhúnlú ar Chomhaltacht PMIA i Scoil Chéimithe Ghnó Smurfit COBÁC nó a chomhtháthú sa Scéim Comhaltaí Ad Astra agus línte tiomnaithe ann do scoláirí a bhfuil nasc fiúntach acu leis an Afraic.
- Cistí a shainaithint chun **scoláirí ar cuairt ó ollscoil Afracach** a óstáil ar feadh tréimhsí suas le téarma amháin. Éascóidh an Oifig Rannpháirtíocht Dhomhanda cistiú don scoláire atá ar cuairt fad is a sholáthróidh scoileanna ábhartha spás oifige agus pobal intleachtúil. D'fhéadfaí clár comhthreomhar a fhorbairt freisin a lonnódh scoláirí COBÁC in ollscoileanna comhpháirtíochta san Afraic.
- Leanúint de **réimse toscaireachtaí inteachta ón Afraic (go fíorúil agus ar an gcampas) a óstáil** d'fhonn caidrimh a choinneáil le gníomhaireachtaí rialtais agus le hinstitiúidí comhpháirtíochta. Tabharfar tús áite do na comhpháirtithe straitéiseacha aitheanta sin a thagann faoi réim réimsí fócais. Mar sin féin, spreagtar baill foirne acadúla aonair ar mian leo óstáil a dhéanamh ar chomhpháirtithe Afracacha é sin a dhéanamh agus beidh tacaíocht réasúnta ar fáil de réir mar a cheadaíonn acmhainní.
- Cuid de **Shíolchiste Rannpháirtíocht Dhomhanda COBÁC** a leithdháileadh ar thionscadail a bhfuil comhpháirtithe san Afraic acu. Tá sé mar aidhm ag na hacmhainní sin na hacmhainní a sholáthar chun tionscnaimh nua a thosú agus chun cruthúnas coincheapa a léiriú.
- **Tabhair tosaíocht do chuairteanna toscaireachta ó COBÁC chuig comhpháirtithe san Afraic.** Bunófar ciste chun dreasachtaí a chuir ar fáil do chuairteanna a dhéanfadh iniúchadh ar chomhoibriú féideartha ag an leibhéal institiúideach. Beidh na cistí sin ar fáil mar chomhlánú ar iarrachtaí a forbraíodh cheana (tríd an síolchiste nó eile) agus tacóidh siad leis an taisteal sa dá threo. Tá sé mar aidhm comhpháirtíochtaí aonair atá ann cheana féin a mhéadú agus an fhéidearthacht ann do rannpháirtíochta institiúideach.
- **Dul i gcomhairle le heagraíochtaí in Éirinn a oibríonn le pobail Afracacha agus/nó pobail diaspóracha Afracacha** chun gníomhaíochtaí féideartha comhroinnte agus deiseanna rannpháirtíochta eile a aithint.

2

## Earcaíocht na Mac Léinn

Tá pobal meánaicme atá ag dul i méid, rathúnas eacnamaíoch, daonra óg agus treochtaí i margadh an tsaothair ag tiomáint éileamh méadaithe ar ardoideachas thar roinnt margaí atá ag teacht chun cinn san Afraic. Is dócha nach mbeidh ollscoileanna ardchaighdeáin na hAfraice in ann freastal ar an éileamh méadaithe, rud a fhágann go mbeidh mic léinn ag lorg deiseanna idirnáisiúnta. Chun leas a bhaint as na treochtaí sin, is féidir le COBÁC líon na n-iarratasóirí ón Afraic a mhéadú mar chuid de straitéis iomlánaíoch chun rannpháirteachas san Afraic a láidriú. Mar thoradh ar earcaíocht dá leithéid beidh mic léinn níos ilghnéithí fós ann ó thaobh cultúir de ná mar atá faoi láthair. Téann seomra ranga ilghnéitheach chun tairbhe don oideolaíocht agus tacaíonn sé le mic léinn na hacmhainní traschultúrtha a fhorbairt atá riachtanach i ndomhan atá ag éirí níos domhandaithe.

Léirigh beagnach gach clár acadúil a ndeachthas i gcomhairle leo agus an straitéis seo á hullmhú go raibh fonn orthu níos mó mic léinn a earcú ón Afraic. Áiríodh leo sin cláir fochéime, cláir iarchéime a mhúintear, agus cláir thaighde iarchéime. Ina theannta sin, léiríodh suim mhór i gcomhchláir a d’fhéadfaí a chomhordú le hollscoileanna san Afraic.





Sraith aoi-léachtaí ardscoile na hAfraice Theas 2023, faoi stiúir an Ollaimh Jeremy Simpson, Príomhoide an Choláiste, Eolaíocht.

Is féidir le COBÁC líon na n-iarratasóirí ón Afraic a mhéadú mar chuid de straitéis iomlánaíoch chun rannpáirteachas san Afraic a láidriú.

## D'fhonn an earcaíocht a mhéadú, déanfaidh COBÁC na rudaí seo a leanas:

- Dul i mbun **rannpháirteachas níos mó le hinstitiúidí dara agus tríú leibhéal san Afraic**. Tá comhpháirtíochtaí leis na hinstitiúidí sin ríthábhachtach chun mic léinn ardacmhainneachta a shainaithint agus chun a chinntiú gurb é COBÁC an rogha ollscoile dá gcuid breisoideachais. Mar is amhlaidh le gach tionscnamh eile, braitheann earcaíocht éifeachtach mac léinn ar chaidrimh sheanbhunaithe a bhfuil muinín mar bhonn leo.

- Úsáid a bhaint as scéim lascaine theagaisc Scoláireachtaí Domhanda chun **dul i ngleic le hiogaireacht praghsanna** i spriocmhargaí. Ba cheart do scoláireachtaí tosaíocht a thabhairt do (a) iarratasóirí ó institiúidí comhpháirtíochta a bhfuil cuntas teiste acu maidir le mic léinn ardchaighdeáin a sholáthar agus (b) cláir a bhfuil tearc-ionadaíocht iontu ar mhic léinn ón Afraic. Déanfar iarrachtaí cistí a aithint a d'fhéadfadh tacú le costais mhaireachtála chomh maith le costais teagasc.

- Dul i dteagmháil **le hurraitheoirí agus gníomhaireachtaí cistithe áitiúla** (cosúil le hArdchoimisiún na Botsuáine a bhfuil caidreamh fadtéarmach aige le Scoil an Leighis, COBÁC) chun cúnamh airgeadais breise a sholáthar chomh maith le mic léinn ardcháilíochta a aithint.

- Dul i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí Rialtas na hÉireann ar nós Oideachas Éireann/Fiontraíocht Éireann agus líonra Ambasáidí na hÉireann chun **Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe don ardoideachas.**

- Leanúint de bheith ag **obair le gníomhairí earcaíochta** mar acmhainn ríthábhachtach chun mic léinn a aithint agus a earcú do COBÁC. Roghnófar gníomhairí agus athbhreithneofar iad agus aird á tabhairt ar a gcumas ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuid is fearr de COBÁC do mhic léinn ionchasacha.

- **Comhpháirtíocht láidir le Cúnamh Éireann** a choinneáil mar bhealach ríthábhachtach le dul i dteagmháil le mic léinn agus mar fhoinse ríthábhachtach chistithe do go leor ar mian leo staidéar a dhéanamh i COBÁC.

- Oibriú le comhpháirtithe sa rialtas chun **tacaíocht a thabhairt do bheartais atá níos tarraingtí agus níos ionchuimsithí do mhic léinn ón Afraic**.

- **Deiseanna do chomhchláir acadúla a aithint agus a fhorbairt**, agus úsáid á baint as samhlacha éagsúla. Úsáideann an PhD san Fhorbairt Dhaonna Dhomhanda de chuid SPIRe samhail chomh-mhaoirseachta "srathaithe" a d'fhéadfadh scoileanna eile a mhacasamhlú. Cuireann cláir alta ina bhfeidhmítear socrú 2+2, 3+1, nó a leithéid, samhail den chineál céanna ar fáil do chomhchláir. Ba cheart go dtreoródh ionchais acadúla agus riachtanais um dhearbhú cáilíochta disciplíní ar leith an tsamhail roghnaithe i ngach cás.

3

## Rannpháirteachas Mac Léinn

Faoi láthair níl ach deiseanna teoranta do mhic léinn COBÁC taisteal chun na hAfraice. Eisceacht shuntasach is ea Saorálaithe COBÁC Thar Lear, a dtugann a dtiomantas fadtéarmach don Tansáin agus d'Uganda deiseanna do mhic léinn le haghaidh foghlama a bhaineann leis an bpobal. Chomh maith le deiseanna a chruthú do mhic léinn COBÁC cuairt a thabhairt ar an Afraic, tá sé beartaithe ag an ollscoil roghchlár roghanna a fhorbairt do mhic léinn atá ag staidéar in ollscoileanna na hAfraice chun cuairt a thabhairt ar COBÁC agus taithí a fháil ar Éirinn. Má bhunaítear módúlachtaí éagsúla sa dá threo, feabhsófar rochtain agus spreagfar comhpháirteachas. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin cláir thraidisiúnta malartaithe acadúla, tionscadail taighde ghearrthéarmacha, intéirneachtaí agus foghlaim ó thaithí, comhpháirteachas ar líne, agus gníomhaíochtaí hibrideacha.

Tugann tiomantas fadtéarmach Saorálaithe COBÁC Thar Lear don Tansáin agus d'Uganda deiseanna do mhic léinn le haghaidh foghlama a bhaineann leis an bpobal.




An Dr. David Nyaluke, Comhalta COBÁC Déanta go Bródúil san Afraic sa Ghnó agus san Fhorbairt.



Saorálaí UCDVO le leanaí ón bpobal in Ionad Sláinte Nurture Africa, Nansana, Uganda, 2019.

Grúpa sláinte ildisciplíneach a oibríonn lenár gcomhpháirtithe in Ionad Sláinte Nurture Africa a sholáthraíonn cóireáil sláinte phríomhúil do na leanaí is leochailí agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí atá ionfhabhtaithe le Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (VEID) i gCeantar Wakiso, Uganda.

## D'fhonn an rannpháirteachas a mhéadú, déanfaidh COBÁC na rudaí seo a leanas:

- Sraith de chláir bhreise a fhorbairt a **éascaíonn soghluaisteacht mac léinn COBÁC agus na hAfraice agus a thairgeann deiseanna staidéir, oibre agus taighde** ar shiúl ó champas baile an mhic léinn.
- Oibriú le hinstitiúidí comhpháirtíochta chun **óstáil a dhéanamh ar scoileanna samhraidh agus eispéiris ghearrthéarmacha eile san Afraic** is féidir a chur chun cinn i measc mic léinn COBÁC nach bhfuil sé ar a gcumas tabhairt faoi chláir staidéir níos faide thar lear nó a bhfuil leisce orthu tabhairt fúthu. Is féidir na cláir seo a oscailt do mhic léinn a bhfuil suim acu ó ar fud na hAfraice, ollscoileanna Éireannacha eile nó áiteanna eile.
- Deiseanna a fhorbairt chun **an curaclam a dhomhandú**, á ligean do mhic léinn COBÁC nach bhfuil in ann taisteal, éagsúlacht chultúir na hAfraice chomh maith le cultúir na réigiún domhanda eile a bhlaiseadh. I measc iarrachtaí eile, d'fhéadfaí a áireamh leis sin cláir fhíorúla ar líne a leanfaí i gcomhar le hollscoileanna comhpháirtíochta san Afraic.
- **Tacú le Cumann Afraice COBÁC** ar an gcampas chun daoine ó chúlraí éagsúla a thabhairt le chéile agus éagsúlacht shaibhir chultúir na hAfraice a cheiliúradh. Agus é sin á dhéanamh acu, cuireann siad bealach ar fáil le haghaidh malartú cultúrtha idir mic léinn Afracacha agus idir mic léinn Afracacha agus neamh-Afracacha.
- Tacú le **tionscnaimh eile atá faoi stiúir na mac léinn chun spásanna a chruthú do mhic léinn ón Afraic chun bualadh le chéile agus líonraí tacaíochta a bhunú**. Is féidir leis na hiarrachtaí sin cur leis an obair a dhéanann Cumann Afraice COBÁC agus Foireann Pobail Dhomhanda COBÁC.

# 4

## Rannpháirteachas Alumnas

Tá líon alumnas COBÁC ag fás san Afraic le breis agus 1,000 alumnas aitheanta ar fud 32 tír. Tá na daonraí alumnas is mó san Afraic Theas agus sa Nigéir. Tá an t-aon Chraobh oifigiúil amháin de chuid Alumnais COBÁC sa Chéinia, ach tá líonraí alumnas gníomhacha in áiteanna eile ar fud na mór-roinne áfach. Mar chuid lárnach de rannpháirteachas feabhsaithe COBÁC, forbróidh agus leathnóidh an Ollscoil a líonraí alumnais san Afraic. Tá ionaid arda maidir le tionchar a imirt ag alumnas COBÁC ar fud an réigiúin, rud a chruthaíonn deiseanna rochtana, a neartaíonn comhpháirtíochtaí, a mhéadaíonn ar an infheictheacht, agus a fheabhsaíonn clú agus cáil COBÁC. Féadfaidh comhairliúchán le alumnas Afracacha a gcuid saineolais uathúil a threisiú agus iarrachtaí na hOllscoile a threorú.

Le líonra domhanda de 300,000 nach mór, tá pobal alumni UCD forleathan ach fós níos nasctha ná riamh. San Afraic, tá breis agus 1,000 alumni aitheanta ar fud 32 tír.




Imeacht Leadership Insights a bhí ar siúl ar an 10ú Márta, 2023 in COBÁC.



Dr. Jean-Christophe Jacquier, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia, le linn searmanas curtha crann sa Chéinia.

## D'fhonn an rannpháirteachas a mhéadú, déanfaidh COBÁC na rudaí seo a leanas:

- **Suirbhé fairsing alumnas a dhéanamh** chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tírdhreach, ar líonra na n-alumnas, agus ar a ndearcadh ar COBÁC.
- **Bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí a thabhairt isteach** d'fhonn rannpháirteachas agus gníomhaíochtaí alumnas a rianú.
- **Craobhacha nua Alumnas COBÁC** a bhunú in áiteanna ina bhfuil gníomhaíocht reatha.
- **Córas a shainaithint chun cuairteanna foirne acadúla agus gairmiúla ar an réigiún a rianú ar féidir a chur in iúl d'alumnais áitiúla.** Nuair a thugann foireann COBÁC cuairt ar shuíomh, cruthaíonn sé deiseanna d'alumnas áitiúla imeachtaí a chomhordú agus fáilte ghnaíúil a chur ar fáil. Is buntáiste é sin don fhoireann atá ar cuairt agus cothaítear dáimh i measc na n-alumnais freisin.
- Clár a bhunú a thugann deis **do alumnas obair dheonach a dhéanamh chun tacú le hearcú mac léinn**. Is dócha gurb í an tréimhse tar éis tairiscint a fháil agus sula dtéitear i mbun ceangaltais an pointe is éifeachtaí inar féidir dul i dteagmháil le alumnas ar an mbealach.

# 5

## Rannpháirteachas Rialtais agus Tionscail

Tá comhordú le rialtas na hÉireann ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí COBÁC san Afraic a mhéadú. Bhain go leor de naisc reatha COBÁC ar an mór-roinn leas as tacaíocht Chúnamh Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Córais Bia Inbhuanaithe Éireann, agus Fiontraíocht Éireann/Oideachas in Éirinn chomh maith le foinsí éagsúla laistigh den Aontas Eorpach.

Mar an gcéanna, tá comhpháirtithe ón tionscal príobháideach ríthábhachtach do rannpháirteachas COBÁC leis an Afraic. Níl sna naisc Afracacha atá ag na gnólachtaí teicneolaíochta atá bunaithe in Éirinn ach sampla amháin de mhéid agus doimhneacht an chaidrimh atá le fáil i dtionscal na hÉireann. Cruthaíonn na naisc sin deiseanna le haghaidh intéirneachtaí, socrúcháin ghairme, oideachas agus oiliúint leanúnach, agus nuálaíocht taighde fheidhmigh.

Tá breis agus 400 comhlachtaí Éireannacha ag déanamh gnó san Afraic fho-Shahárach in earnálacha ar nós teicneolaíocht an airgeadais, eolaíochtaí na beatha, teicneolaíocht talmhaíochta, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) agus tógáil ardteicniúil.



Acadóirí COBÁC in Ambasáid na hÉireann san Aetóip.



An tOllamh James Kinsella, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia, agus é ag glacadh páirt i gcuairteanna tionscail.

## D’fhonn an rannpháirteachas a mhéadú, déanfaidh COBÁC na rudaí seo a leanas:

- Caidreamh COBÁC le **Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann**, a chaomhnú rud atá thar a bheith tábhachtach chun rannpháirteachas a láidriú. Méadóidh sé sin infheictheacht chomh maith agus méadóidh sé clú agus cáil COBÁC sa réigiún.

- Tacú le **tionscnaimh a fhorbairt a théann i dteagmháil leis an tionscal príobháideach** ar fud na hAfraice. Féadfaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil oibríochtaí acu san Afraic feidhmiú mar phointe tosaigh iontrála.

- **Iarrachtaí a chomhordú le comhpháirtithe eile an AE** i gcomhréir le Clár Oibre um Nuálaíocht AA-AE. Beidh Comhghuaillíocht Una Europa ina príomhbhealach gníomhaíochta agus comhordaithe.

- **Ag leibhéal na tíre, forbróidh COBÁC caidrimh dhíreacha le ranna agus coimisiúin oideachais ríthábhachtacha**, ag aithint an tionchar suntasach atá ag rialtais áitiúla ar bheartas oideachais.

# Cumasóirí

Is príomhchumasóir é an fhoireann a chumasú chun dul i dteagmháil go cruthaitheach le comhpháirtithe agus líonraí san Afraic. Caithfidh deiseanna chun é sin a dhéanamh a bheith sofheicthe, oscailte agus inrochtana, gan ceanglais tionscnaimh a bhfuil ró-ualach ag baint leo. Nuair a léirítear éifeachtúlacht, is féidir le Coláistí agus aonaid eile na tionscnaimh sin a bhainistiú agus tacú leo de réir a dtosaíochtaí straitéiseacha féin. Go hidéalach, áireofar leis sin ionad nó aonad eile a chruthú a d'fhéadfadh feidhmiú mar mhol intleachtúil le haghaidh léinn i dtaobh na hAfraice ar an gcampas.

Chun tiomantas uile-Ollscoile, ailíniú iarrachtaí, agus comhlíonadh na gcroíluachanna a shainaithnítear sa togra seo a chinntiú, bunóidh COBÁC Grúpa Comhairleach ar an Afraic (AAG). Beidh an AAG comhdhéanta d'fhoireann COBÁC a cheapfar ó aonaid ar fud an champais chomh maith le hionadaíocht ó phríomhollscoileanna agus eagraíochtaí comhpháirtíochta eile atá lonnaithe san Afraic. De réir mar is cuí, lorgófar ionadaíocht mac léinn agus alumnas freisin.

Leanfaidh Lárionad Domhanda an Mheánoirthir agus na hAfraice COBÁC (atá lonnaithe in Dubai) de thacú leis an ollscoil ina cur chun cinn agus ina for-rochtain san Afraic, agus ról suntasach aige i gcur chun cinn agus margaíocht ar líne. Chun mianta COBÁC a bhaint amach, ní mór do COBÁC láithreacht fhisiciúil a choinneáil san Afraic le hionadaíocht áitiúil mar leathnú ar Lárionad Domhanda an Mheánoirthir agus na hAfraice. Beidh sé ríthábhachtach ionadaíocht COBÁC a chur san Afraic ionas go mbeadh COBÁC i riocht níos fearr chun dul i dteagmháil leis an Afraic thar na príomhréimsí a shainaithnítear sa pháipéar seo. Is céim thosaigh é an t-ionadaí sin a bheith ann i gcomhlíonadh mhian COBÁC ionad domhanda a bheith aici san Afraic.

Tá cruthú agus coinneáil líonraí láidre ag gach leibhéal oideachais, ón mbunscoil go dtí an tríú leibhéal, riachtanach chun píblínte a chruthú don chur chuige ilghnéitheach a shamhlaítear leis an straitéis seo. Cuirfidh sé seo ar chumas COBÁC comhpháirtithe tiomanta a aithint a roinneann bunluachanna leo agus lenar féidir caidrimh fhadtéarmacha a fhorbairt bunaithe ar mhuinín.



Sarahjane Power (Area52/SBES/COBÁC, Mac Léinn PhD) ag glacadh páirt i dtarrtháil eilifinte in Galana Wildlife Conservancy sa Chéinia. B'éigean an eilifint a thámhú leis an ngaiste a bhaint. Dr. Andrew Tighe (Area52/SBES/COBÁC) a thóg an íomhá seo agus sa phictiúr le Sarahjane tá John Byrne, mac léinn PhD Area52/SBES/COBÁC.

SPOTSOLAS

## Cás le hAird a Dhíriú air #4: Saorálaí COBÁC Thar Lear

Is carthanas cláraithe é Saorálaithe COBÁC Thar Lear (UCDVO) a bhunaigh an tAthair Tony Coote nach maireann in 2003. Is é fís UCDVO ná go mbeadh pobal bríomhar domhanda ag obair le chéile ar mhaithe le domhan cothrom agus inbhuanaithe. Cuireann sí an fhís sin chun cinn trí dheiseanna a chruthú le haghaidh foghlaim bhunathraitheach agus obair dheonach fhreagrach. Comhcheanglaíonn an clár an chuid is fearr den oideachas saoránachta domhanda i láthair go pearsanta le obair dheonach idirnáisiúnta fhreagrach. Bíonn UCDVO i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí céanna gach bliain agus tá caidreamh láidir cruthaithe aici i ngach ceann de na pobail ina n-oibríonn na saorálaithe, lena n-áirítear sa Tansáin agus in Uganda. I measc páirtithe eile, oibríonn UCDVO le Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt (SPPHPSS) COBÁC chun deiseanna oibriú go deonach a nascadh le staidéar acadúil na mac léinn.

Oibríonn UCDVO go dlúth le Siúracha na hAontachta Naofa sa Tansáin, a reáchtálann Ionad Matumaini, i nDárasalám. Is lár-ionad é Ionad Matumini do leanaí faoi mhíchumas - a thairgeann athshlánú, oideachas, cothú agus tacaíocht slite beatha. Oibríonn mic léinn fisiteiripe agus cothaithe/diaitéitice go deonach le UCDVO chun tacú le foireann an Ionaid Matumaini measúnú a dhéanamh ar leanaí agus pleananna athshlánúcháin a fhorbairt. In Uganda i gCeantar Wakiso, Kampala, tá UCDVO i gcomhpháirtíocht le Nurture Africa, Eagraíocht Neamhrialtasach a bunaíodh in Éirinn, atá cláraithe go hidirnáisiúnta, a dhíríonn ar chúram sláinte, oideachas, cosaint leanaí & comhionannas inscne, agus cumasú eacnamaíoch. Cuireann oibrithe deonacha UCDVO tacaíocht ar fáil faoi láthair do na cláir shláinte (fisiteiripe) agus ghairmoiliúna in Ionad Sláinte Nurture Africa.

Chomh maith lena rannpháirteachais san Afraic, ghlac breis is 1,700 mac léinn, ball foirne/dáimhe, agus alumnas páirt i rannpháirteachas leanúnach UCDVO le heagraíochtaí comhpháirtíochta áitiúla neamhbhrabúis in India, i Háítí, agus in áiteanna eile.

**www.ucdvo.org**



Saorálaithe UCDVO le leanaí scoile ón bpobal in Ruaha, an Tansáin mar chuid de chlár ríomhoideachais agus Béarla lenár gcomhpháirtí TanzEd in 2016.

UCD DUBLIN

RISING TO THE FUTURE
UCD Strategy 2020-2024

**Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**
Oifig an Leas-Uachtaráin um Rannpháirtíocht Dhomhanda
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

vpforglobalengagement@ucd.ie
www.ucd.ie/globalengagement